Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0048(NLE)**

**6446/21**
**ADD 22**

**RECH 72**
**COMPET 123**
**IND 40**
**MI 105**
**SAN 82**
**TRANS 94**
**AVIATION 42**
**ENER 50**
**ENV 94**
**SOC 95**
**TELECOM 70**
**AGRI 79**
**SUSTDEV 22**
**REGIO 29**
**IA 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 38 final - Cuid 1/9 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú **An Chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an Afraic maidir leis an tSláinte Dhomhanda (Sláinte Dhomhanda EDCTP3)** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 38 final - Cuid 1/9.

Faoi iamh: SWD(2021) 38 final - Cuid 1/9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 38 final

PART 1/9

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

**An Chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an Afraic maidir leis an tSláinte Dhomhanda (Sláinte Dhomhanda EDCTP3)**

{COM(2021) 87 final} - {SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad) |
|---|
| Measúnú tionchair ar chomhpháirtíocht sláinte domhanda fhéideartha idir an tAontas agus an Afraic (Sláinte Dhomhanda EDCTP3) |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is iad galair thógálacha a bhaineann le bochtaineacht agus a ndéantar siléig iontu an phríomhchúis bháis, mhíchumais agus drochshláinte i neart tíortha fós, agus an t- ualach is mó ar thíortha ísealioncaim agus tíortha meánioncaim. Anuas air sin, tá líon níos airde pataigíní ag teacht chun cinn, nó ag teacht chun cinn arís le saintréithe nua acu, i bpáirt mar gheall ar athruithe comhshaoil agus aeráide, agus cruthaíonn na pataigíní sin ráigeanna amhail COVID-19. Is féidir leis na pataigíní sin scaipeadh go tapa ar fud na cruinne agus bíonn go leor fulaingt dhaonna agus eacnamaíoch ann dá bharr i neart tíortha, an Eoraip ina measc. D'ainneoin na bhforbairtí substaintiúla sa réimse, go háirithe i dtéarmaí teiripí nua, tá laghdú ag teacht ar éifeachtúlacht na gcóireálacha atá ann faoi láthair mar gheall ar an méadú i bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, agus ní bhíonn na vacsaíní atá ar fáil éifeachtach a ndóthain i gcónaí. Tá gá le teicneolaíochtaí sláinte nua amhail tástálacha diagnóisice beaichte, cóireálacha teiripeacha agus vacsaíní coisctheacha chun uallach na ngalar tógálach a laghdú agus le háirithiú go mbíonn saol sláinte agus fiúntach ag daoine, go háirithe na daoine sa réigiún is leochailí agus ina bhfuil an tionchar is mó ag na galair sin, eadhon an Afraic Fho- Shahárach. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é is aidhm do chomhpháirtíocht shláinte dhomhanda an Aontais- na hAfraice (Sláinte Dhomhanda EDCTP3) ualach na ngalar tógálach san Afraic Fho- Shahárach a laghdú agus cuidiú le srian a choinneáil ar ghalair thógálacha atá ag teacht chun cinn go domhanda. Bainfear an aidhm sin amach ag oibriú i gcomhpháirtíocht le tíortha na hAfraice Fo- Shaháraí ar chomhchlár oibre straitéiseach taighde agus nuálaíochta chun tabhairt faoin méid seo a leanas:<br><br>• forbairt teicneolaíochtaí sláinte éifeachtacha nua nó feabhsaithe a chur chun cinn;<br>• iarrachtaí taighde agus nuálaíochta a chomhordú;<br>• inniúlachtaí taighde agus nuálaíochta chun dul i ngleic le galair thógálacha a neartú; agus<br>• ullmhacht taighde agus nuálaíochta, luathbhrath agus srian na ngalar tógálach atá ag teacht chun cinn agus atá á nochtadh féin in athuair a mhéadú ag leibhéal na hAfraice Fo- Shaháraí agus ag leibhéal domhanda. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Cuideoidh gníomhaíocht chomhordaithe chomhleanúnach an Aontais leis an deighilt cistithe taighde agus nuálaíochta atá ann faoi láthair a shárú, le mais chriticiúil eagraíochtaí agus an infheistíocht is gá a mhealladh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sláinte domhanda seo, agus chun comhar agus freagairt straitéiseach ar ghalair thógálacha atá ag teacht chun cinn agus atá á nochtadh féin in athuair a éascú. Méadóidh an ghníomhaíocht sin tionchar agus éifeachtúlacht costais ghníomhaíocht agus infheistíocht na hEorpa freisin. Bheadh tionchar ollmhór ag comhpháirtíocht a thabharfadh an tAontas, tíortha Eorpacha, tíortha Afracacha, tríú tíortha eile agus cisteoirí príobháideacha sláinte domhanda le chéile, ag leibhéal domhanda. |

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Breithníodh na ceithre rogha seo a leanas chun na cuspóirí in a bhaint amach, anuas ar na glaonna traidisiúnta faoin gcreatchlár:<br><br>• comhpháirtíocht Eorpach chomh- chláreagraithe;<br>• comhpháirtíocht Eorpach chomhchistithe;<br>• comhpháirtíocht institiúidithe faoi Airteagal 185 de Chonradh AE;<br>• comhpháirtíocht institiúidithe faoi Airteagal 187 den Chonradh.<br><br>Is í comhpháirtíocht institiúidithe faoi Airteagal 187 an rogha thosaíochta. Ceadóidh comhpháirtíocht mar sin do Bhallstáit an Aontais agus Stáit Chomhlachaithe, e.g. tíortha na hAfraice Fo- Shahárái agus tríú tíortha eile, a bheith páirteach ann. Ceadóidh rogha Airteagal 187 comhar le fondúireachtaí tionscail agus carthanachta freisin, rud a chuideoidh leis an gcomhchlár oibre taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn. Tá an acmhainn is mó ag an rogha sin le cistí a ghiaráil agus an tionchar is mó a bheith aici. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| D'aontaigh na páirtithe leasmhara d'aon toil gurbh fhearr leo comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach faoi Airteagal 185 nó 187. Thabharfadh rogha Airteagal 187 raon níos leithne páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha le chéile, rud a chuideodh le gealltanas fadtéarmach, cinnteacht airgeadais agus struchtúr eagraíochtúil éifeachtúil a áirithiú, agus bheadh tionchar féideartha ní b'airde ann ansin dá bharr. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Laghdóidh tacaíocht fhadtéarmach agus chomhleanúnach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, líonraí, inniúlachtaí taighde agus malartú faisnéise i leith galair thógálacha idir institiúidí agus tíortha Eorpacha agus tíortha na hAfraice Fo- Shahárái an t- ualach a bhaineann le galair san Afraic Fho- Shahárach, agus beidh smacht níos fearr ar ghalair thógálacha atá ag teacht chun cinn agus atá á nochtadh féin in athuair san Afraic Fho- Shahárach agus ag leibhéal domhanda. De bharr go ndíreofar ar thaighde cliniciúil, beidh teicneolaíochtaí sláinte éifeachtacha atá réidh le haghaidh táirgeadh, leithdháileadh agus scála mar thionchar na comhpháirtíochta. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Bheadh costas reáchtála an struchtúr tiomnaithe cur chun feidhme ní ba lú ná EUR 6 mhilliún in aghaidh na bliana, ag brath ar an mbuiséad foriomlán. Bheadh costas aonuaire EUR 0,3 mhilliún i gceist freisin chun an struchtúr a bhunú. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Beidh FBManna in ann a bheith rannpháirteach sna glaonna comhpháirtíochta. Ní bheartaítear go mbeidh an tionchar a bheidh acu difriúil leis na gnáthghlaonna creatchláir. D'fhéadfadh go mbeadh fás san earnáil |

| |
|---|
| FBManna san Eoraip agus san Afraic, áfach, mar thoradh ar dheiseanna suntasacha – go háirithe maidir le digitiú na dteicneolaíochta sláinte. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Cuideoidh an chomhpháirtíocht le caiteachas na mBallstát ar thaighde agus nuálaíocht ar ghalair thógálacha, lena n- áirítear ar chomhar idirnáisiúnta, a chuíchóiriú. Cuideoidh sí le tíortha na hAfraice Fo- Shaharaí buiséid a gcóras taighde náisiúnta um thaighde sláinte a phleanáil. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Tacóidh an chomhpháirtíocht le taighde agus nuálaíocht i vacsaíní, diagnóisic agus cógais le haghaidh galair thógálacha a dhéanann difear do thíortha íseal- ioncaim agus meán- ioncaim go príomha, ag cuidiú le saol sláintiúil agus folláine daoine ag gach aois (SGD3) a áirithiú agus le deireadh a chur leis an mbochtaineacht ina cineálacha go léir ar fud an domhain (SDG1). |
| **Comhréireacht?** |
| Soláthraíonn an rogha thosaíochta na gnéithe ar fad chun na cuspóirí a bhaint amach agus ní théann sí thar a bhfuil riachtanach chun an fhadhb a réiteach. |
| **D. Bearta leantacha** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas i gcomhréir leis an amscála a leagtar amach sa Rialachán maidir le Fís Eorpach agus leis na ceanglais atá le leagan síos sa bhunghníomh ábhartha. |